Éanlaith Chlóis

Naisc leis an gcuraclam:
- **Eolaíocht** — Dúile beo; Feasacht agus cúram imshaoil
- **Tíreolaíocht** — Imshaoil dhaonna
- **OSPS** — Mise agus an domhan mór

Cuspóirí an cheachta:

Féachaint siar ar ábhar Roinn 1. Eolas a chur ar éanlaith chlóis trí staidéar a dhéanamh ar thurcaithe, lachain agus géanna. Comparáid agus codarsnacht a dhéanamh idir na héanlaith chlóis.

Treoirlínte do Mhúinteoirí

Moltar dul tríd an bhfoclóir agus na coincheapa a múineadh i Roinn 1 roimh thosú ar an gceacht.

Foclóir agus Coincheapa Roinn 1:

Rinneadh staidéar ar shicíní i Roinn 1.

sicíní **eite** **cearc** **coileach** **scalltán** **ealta** **feoil** **uibheacha**

Is éin iad sicíní a bhfuil dhá chos agus dhá eite acu. Faighimid feoil agus uibheacha ó shicíní.

Tar éis féachaint siar ar an bhfoclóir agus na coincheapa thuas, is féidir tús a chur leis an eolas níos doimhne seo a leanas.

Foclóir don cheacht seo:

éanlaith chlóis **turcaithe** **lachain** **géanna** **cleití** **crúibín** **goba** **cosa scamallacha**

Cé hiad na héanlaith chlóis?

Tugtar **éanlaith chlóis** ar na héin a fhaighimid feoil nó uibheacha uathu. Is iad **sicíní, turcaithe, lachain agus géanna** na héanlaith chlóis is coitianta ar fheirmeacha na hÉireann. Bíonn dhá chos ag gach ceann acu agus bíonn cleití acu uile. Ach tá siad éagsúil óna chéile freisin.

Sicín


Lacha

Gé


Turcaí

Sicíní agus Turcaithe

Tá sicíní agus turcaithe cosúil lena chéile maidir le dhá phríomhthréith. Tá cosa ar a dtugtar crúibíní ag an dá cheann acu. Tá na **crúibíní** seo an-láidir agus úsáideann siad iad chun tochailt sa chré chun bia a fháil. Ina theannta sin tá **goba** géara ag an dá cheann acu chun bheith ag gobadh ar fheitheidí agus ar ghrainní.

Lachain agus Géanna



Tá an lacha agus an ghé cosúil lena chéile freisin. Tá goba ag an dá cheann acu a ligeann dóibh bia difriúil a ithe. Cabhraíonn gob na lachan léi nuair a bhíonn sí ag lorg bia san uisce agus ligeann gob na gé di féar a phiocadh suas. Tá **cosa scamallacha** ag an lacha agus ag an ngé agus cabhraíonn siad leo bheith ag snámh.

Ag eitilt

Cé go n-úsáideann formhór na n-éan a n-eití chun eitilt, níl sicíní rómhaith ag eitilt. Tá siad in ann eitilt go dtí a bpéirsí nó thar an claí ach den chuid is mó den am, fanann siad ar an talamh. Tá lachain agus géanna go maith ag eitilt. Má tá siad ina gcónaí i gcró atá oscailte ar barr, bíonn ar an bhfeirmeoir cléití eite amháin a bhearradh ionas nach mbeidh siad in ann eitilt as an gcró. Tá an bearradh cleití seo mar bhearradh gruaige agus ní ghortaíonn sé an t-éan.

Gníomhaíochtaí:

- Déan cóipeanna den bhileog oibre ar leathanach 23.
- Mar obair foclóra, déan plé ar ainmneacha na héanlaithe clóise go léir idir bhaininscneach, fhirinscneach agus óg -lacha, bardal, éinín lachan; gé, gandal, góislín. Is féidir tagairt a dhéanamh d'ainmhithe óga na n-ainmhithe feirme eile – lao, uan, banbh, searrach srl.
- Déan plé ar na fuaimeanna a dhéanann ainmhithe na feirme. Cuir béim ar an bhfoclóir ceart. Gogalaíonn an turcaí; Glaonn an coileach; Bíonn an chearc ag grágaíl; Bíonn an chaora ag méileach; Bíonn an madra caorach ag tafann, Bíonn an bhó ag géimneach; Bíonn an mhuc ag gnúsachtach; Bíonn an lacha ag grágarsach; Bíonn an ghé ag siosarnach; Bíonn an capall ag seitreach.
- Déan comparáid agus coadarsnacht idir éanlaith chlóis agus daoine. Cuir crúibíní i gcomparáid lenár lámha, goba i gcomparáid lenár mbéala.
- Is féidir na cosúlachtaí agus difríochtaí idir na héin a phlé agus pictiúir a chruthú díobh.
- Déan staidéar ar éin atá in ann eitilt agus éin nach bhfuil. Déan plé ar cén fáth nach bhfuil siad in ann (mar shampla meachán).
- Déan plé ar an timpeallacht - go bhfuil orainn í a roinnt le plandaí agus ainmhithe agus go bhfuil daoine ag brath ar fheirmeoireacht chun bia a fháil.
- Déan scrúdú ar chleití sa rang agus smaoinigh ar cén chaoi a chabhraíonn siad le heitilt na n-éan.
- Tá ábhair bhreise le fáil i Ranna 3 agus 4.

Toradh an cheachta

Ag deireadh an cheachta, ba chóir go dtuigfidh an páiste cad is brí leis na focail 'éanlaith chlóis' agus go bhfuil na ceithre phríomhchinn ar eolas aige/aici. Ba chóir go mbeadh siad in ann an sicín, turcaí, lacha agus gé a chur i gcomparáid lena chéile.

Áiseanna Breise

- www.agriaware.ie

Éanlaith Chlóis

Ainm: _____

Dáta: _____

1 **Bain úsáid as na focail seo a leanas chun lipéid a chur ar na héin:**

turcaí, gé, lacha, sicín







s _____ l _____ g_____ t_____

2 **Líon na bearnaí leis na focail seo a leanas –**

snámh, bia, lachain, turcaithe

Bíonn crúibíní ag sicíní agus _____.

Úsáideann siad na crúibíní chun _____ a fháil sa talamh. Bíonn cosa scamallacha ag géanna agus _____. Úsáideann siad na cosa scamallacha chun _____.

An raibh a fhios agat?
Úsáidtear uibheacha chun cácaí agus pasta a dheánamh!

3 **Faighimid rudaí éagsula ó éanlaith chlóis. Dathaigh na pictiúir agus tarraing líne go dtí an focal ceart.**





Ubh Cleite Feoil